

Obair Bhaile Gaeilge



Leabhar 17

Ainm _____ Rang _____


Gaelscoil Uí Néill



Obair Bhaile 1

Seacláid

An maith leat seacláid? Ar smaoinigh tú riamh, cár b as a dtagann seacláid? Fásann seacláid ar chrainn, ach ní amharcann sí mar na milseáin nó na barraí seacláide a cheannaíonn tú sa siopa. Tagann seacláid ó shíolta cócó. Is pónairí iad síolta cócó ón toradh cócó. Fásann an crann cócó i dtíortha atá iontach te. Triomaítear na pónairí agus cuirtear iad chuig monarchana seacláide. Déantar iad á róstadh agus buailtear iad go dtí go bhfuil im cócó déanta díobh. Cuirtear an t-im seo le siúcra agus bainne agus measctar iad uilig le chéile chun seacláid a dhéanamh. Ina dhiaidh sin, téann an t-seacláid chuig an siopa agus thig linn í a cheannach.



Ceisteanna

1. An maith leat seacláid?
2. Cá háit a bhfásann seacláid?
3. An mbíonn crainn cócó i dtíortha atá te nó fuar?
4. Cad é a tharlaíonn do na pónairí cócó sna monarchana seacláide?
5. Cad é an dá ábhar eile a chuirtear leis an im cócó?
6. Cá háit a dtig leat barra seacláide a cheannach?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Is maith lom seacláid go mór.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Cheannaigh mé barra seacláide sa siopa



Obair Bhaile 2

Mo Choinín Féin

Tá coinín agam
Is é atá go deas
Rugadh sa choill é
Is air atá mo mheas.

Itheann sé leitís
Nuair a thugaim dó é
Ina chodladh a bíonn sé
Go sámh rith an lae.

Dhá chluas atá air
A chluineann gach glór
Fiacla beag géara air
Ag cogaint gach sórt.

Cóta mór air
Mar fhaoithin ón ghaoth
Tá grá agam dom' choinín
Is tá grá aige dom féin.



Ceisteanna

1. Cad é an peata atá ag an duine a scríobh an dán seo?
2. Cá háit ar rugadh é?
3. Cad é a itheann sé?
4. Cá huair a bhíonn sé ina chodladh?
5. Cad é an aidiacht a chuireann síos ar fhiaccla an choinín?
6. Cad é an aidiacht a chuireann síos ar chóta an choinín?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Tá coinín agam mar pheata.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

tá cóta bán ag mo choinín.

Obair Bhaile 3

Bolcáin

Is oscailt sa domhan é an bolcán. Téann an bolcán síos cuid mhór ciliméadar chuig áit a bhfuil an domhan iontach te ar fad. Tá sé chomh te sin go mbíonn clocha agus carraig leáite ann, an dóigh a mbíonn oighear leáite ar lá te. Tugtar magma ar an charraig leáite sin.

In amanna, bíonn barraíocht magma faoin talamh agus is ansin a bhriseann sé amach tríd an bholcán. Tagann magma atá iontach te amach as barr an bholcáin agus titeann sé ar an talamh. Tugaimid laibhe ar an mhagma nuair a bhriseann sé amach as an bholcán. Briseann luaith the, dusta agus gas amach as an bholcán fosta. In amanna, maraíonn an laibhe daoine agus scriosann sé an talamh.

Níl a fhios ag eolaithe cinnte cá huair atá bolcán ag dul a bhriseadh amach ach bíonn comharthaí rabhaidh ann in amanna. Critheann an talamh agus tagann gal amach as an bholcán. Úsáideann siad meaisíní speisialta chun insint dóibh cá huair atá sé ag dul a bhriseadh amach. Tugann sé seo seans do na daoine a chónaíonn in aice leis an bholcán imeacht i bhfad ar shiúl uaidh.



Ceisteanna

1. Cad é an t-ainm atá ar oscailt sa domhan?
2. Cad é an focal atá againn do charraig leáite?
3. Cad é a tharlaíonn nuair atá barraíocht magma faoin talamh?
4. Cad é an t-ainm atá ar mhagma nuair a bhriseann sé amach as an bholcán?
5. Ainmnigh rud amháin a tharlaíonn in amanna sula mbriseanna bolcán amach?
6. An bhfuil bolcáin contúirteach?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Rith, tá an bolcán ag gul a phléascadh.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Bíonn sé iontach te ar fad i lár an domhain

Obair Bhaile 4

Aer

Is gás é aer a chlúdaíonn an taobh amuigh den domhan. Ní thig leat é a fheiceáil, é a mhothú nó é a bhlaiseadh, ach tá aer ann, gach áit. Tá aer istigh sa seomra seo agus istigh i mboscaí. Tá sé i gcófraí agus i do phócaí. Fiú amháin nuair atá an chuma ar an bhosca nó ar an seomra go bhfuil sé folamh, tá aer istigh ann.

Tá aer in uaimheanna agus ag barr sléibhte. Tá aer istigh ionatsa fosta. Nuair a shéideann tú amach na coinnle atá ar do chiste breithlá, tá tú ag brú aeir amach as do chorp, amach as do scamhóga. Nó nuair a shéideann tú balún suas, sin aer a bhí istigh ionatsa chomh maith.

Tá aer de dhíth ar dhaoine agus plandaí le fanacht beo. Bíonn tú ag anáilú aeir an lá ar fad. Is meascán de nítrigin agus ocsaigin an chuid is mó den aer, le giota beag dé-ocsaíd charbóin. Glacann do scamhóga ocsaigin ón aer agus tugann do chorp dé-ocsaíd charbóin amach. Is é a dhéanann plandaí ná go nglacann siad dé-ocsaíd charbóin isteach agus tugann siad ocsaigin amach. Sin an fáth nach rithimid amach as an ocsaigin san aer.



Ceisteanna

1. An dtig aer a fheiceáil?
2. An dtig aer a mhothú?
3. An dtig aer a bhlaiseadh?
4. Cad é an t-orgán sa chorp a ghlacann aer isteach sa chorp?
5. Cén dá ghás a dhéanann an chuid is mó den aer?
6. Cad é an gás a scaoileann tú ó do chorp i ndiaidh duit anáilú?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Glacann do scamhóga ocsaigin ón air.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Is gás é aer a chlúdaíonn an taobh amuigh den domhan.

Obair Bhaile 5


Bogha Báistí

In amanna, ag deireadh stoirme, nó nuair a bhíonn sé ag cur fearthainne píosa beag, soilsíonn an ghrian amach ar chúl na scamall. Agus, amhail draíocht, bíonn leathchiorcal de dhathanna áille sa spéir. Bogha báistí atá ann!

Déantar bogha báistí nuair a shoilsíonn an ghrian tríd na braonta uisce atá san aer. Briseann na braonta uisce sin an solas suas i ndathanna difriúla.

Tarlaíonn sin in áiteanna eile fosta. Thig leat solas agus é briste suas ina ndathanna a fheiceáil i spotaí ola a bhíonn ina luí ar bhóthair atá fliuch. Thig le gloine, scátháin agus bolgáin gallúnaí solas na gréine a bhriseadh suas ina sheacht dathanna.

Bíonn na dathanna sa bhogha báistí san ord céanna i gcónaí – dearg, oráiste, buí, glas, gorm, plúiríneach agus corcairghorm. Cuimhnigh na chéad litreacha chun na dathanna agus an t-ord seo a chuimhneamh; DOB-GG-PC.



Ceisteanna

1. Cá huair a fheiceann tú bogha báistí?
2. Cén cruth atá ar an bhogha báistí?
3. Cén dóigh a ndéantar bogha báistí?
4. Cá mhéad dath ar fad atá sa bhogha báistí?
5. Cén áit eile a dtig leat solas a fheiceáil agus é briste suas ina sheacht dathanna?
6. Cad iad na dathanna i mbogha báistí?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Amharc ar na dathanna galánta sa bhogha páistí.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Is iad na dathanna sa bhogha báistí ná dearg oráiste, buí, glas, gorm, plúiríneach agus corcairghorm.

Obair Bhaile 6

Teanga Chomharthaí

Tá cuid mhór daoine ar an domhan nach bhfuil ábalta cluinstitín go maith. Tugtar daoine atá bodhar ar na daoine sin. Tá daoine ann fosta nach bhfuil ábalta labhairt go maith. Tugtar daoine atá balbh ar na daoine sin.

Labhraíonn na daoine seo ar bhealach eile – lena lámha. Úsáideann siad gluaiseachtaí nó comharthaí lena lámha le cumarsáid a dhéanamh. Thig leo comhartha nó gluaiseacht amháin a dhéanamh a léiríonn focal amháin, nó thig leo focal a litriú amach lena méara. Tugtar teanga chomharthaí ar an teanga seo.

Tá sé coitianta go leor ag daoine cumarsáid a dhéanamh lena lámha, is iomaí duine eile a labhraíonn gan focail á rá acu. Ba ghnách le Meiriceánaigh Dhúchasacha labhairt lena lámha nuair nach raibh a fhios acu teanga dhuine eile. Úsáideann réiteoirí i gcluichí spóirt a lámha. Nuair atá duine de na péas ag stiúradh trácht, úsáideann sé nó sí a lámha. Bainimid uilig úsáid as ár lámha nó codanna eile den chorp chun rudaí a chur in iúl do dhaoine eile. Croithimid an cloigeann le 'níl' a chur in iúl, nó cuimlímid an bolg le cur in iúl go bhfuil ocras orainn. An dtig leat smaoineamh ar chomhartha ar bith eile a dhéanann tú féin le cumarsáid a dhéanamh?



Ceisteanna

1. Cad é a thugtar ar dhuine nach bhfuil ábalta éisteacht?
2. Cad é a thugtar ar dhuine nach bhfuil ábalta labhairt?
3. Cén dóigh a ndéanann daoine atá bodhar nó balbh cumarsáid lena chéile?
4. Cad é a thugtar ar an teanga seo a úsáideann gluaiseachtaí láimhe le cumarsáid a dhéanamh?
5. Cá huair a d'úsáid Meiriceánaigh Dhúchasacha a lámha le cumarsáid a dhéanamh?
6. Cad é a chiallaíonn sé nuair a chuimlíonn tú do bholg?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Úsáideann na daoine sin teanga chomharthaí le leabhart le chéile


8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

An bhfuil teanga chomharthaí agat.

Obair Bhaile 7


Eitilt

In 1783, d'eitil dochtúir Francach darb ainm Pilatre de Rozier suas san aer i mbalún. Balún mór a bhí ann le ciseán thíos faoi. I ndiaidh na chéad eitilte seo, rinne cuid mhór daoine iarracht eitilt i mbalúin ach ní raibh siad ábalta an balún a stiúradh go rómhaith. Chuaigh siad cibé áit a ndeachaigh an ghaoth. Ina dhiaidh sin, thosaigh daoine ag obair ar mheaisín eitilte a bheadh duine ábalta a thiomáint agus a stiúradh.



B'iad Wilbur agus Orville Wright na chéad daoine a d'eitil in eitleán a raibh inneall aige. D'eitil siad a n-eitleán, *The Flyer I*, ag Kitty Hawk, i gCalifornia i 1903. D'fhan an t-eitleán san aer ar feadh thart fá 12 soicind agus thaisteal sé beagnach 37 méadar. Mhair an ceathrú eitilt ar feadh bomaite, beagnach, agus thaisteal sé 260m!

Tá eitleán againn anois, scairdeitleáin ollmhóra, atá ábalta eitilt fá choinne uaireanta gan stopadh agus tá balúin ábalta dul thart ar an domhan gan stopadh chomh maith!



Ceisteanna

1. Cad é a mar a d'eitil duine den chéad uair?
2. Cén bhliain inar tharla an chéad eitilt seo?
3. Cad é an t-ainm a bhí ar an chéad eitleán a d'eitil?
4. Cé hiad na daoine a d'eitil in eitleán?
5. Cá had a mhair an chéad turas in eitleán?
6. Cá fhad a thaisteal an chéad eitleán ar a chéad turas?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Amharc ar an bhúlán ollmhór sin san aer.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Rinne Wilbur agus orville Wright an chéad eitleán a d'eitil..


Obair Bhaile 8

Alexander Graham Bell agus an Chéad Ghuthán

Sula raibh an guthán againn, bhí sé deacair ag daoine dul i dteagmháil le chéile. Bhí orthu teileagram nó litir a chur chuig duine nó teachtaire nó scéalaí a chur chucu ar cos.

Ach d'athraigh sin uilig ar an 10^ú Márta 1876. I mBostún, i Meiriceá, bhí fionnachtaí óg, darb ainm Alexander Graham Bell, ag obair ar a fhionnachtain is déanaí – an guthán. Bhí sé ar tí an tarchuradóir (an chuid sin den ghuthán a athraíonn do ghuth go leictreachas le go dtig leis dul tríd an sreang) a thriail nuair a dhoirt aigéad ón chadhnra ar a chos. “A Uasail Watson, tar anseo. Ba mhaith liom thú!” a scairt sé isteach sa ghuthán.

Bhí a chuiditheoir, Thomas Watson, sa seomra béal dorais lena ghuthán féin. Rith sé isteach sa seomra láithreach. “A Uasail Bell, chuala mé gach focal a dúirt tú!” a scairt sé. Chruthaigh sé rud iontach – an guthán!



Ceisteanna

1. Roimh an ghuthán, cad é mar a chuaigh daoine i dteagmháil le chéile?
2. Cé a rinne an chéad ghuthán?
3. Cén bhliain a bhí ann nuair a rinne sé an chéad ghuthán?
4. Cad é an rud é tarchuradóir?
5. Cad é a dhoirt ón chadhnra ar chos Alexander Graham Bell?
6. Cad é a dúirt Alexander Graham Bell isteach sa ghuthán?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Rí Thomhas Watson isteach sa seomra.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

“Tar anseo, ba mhaith liom thú” arsa Alexander.

Obair Bhaile 9


Cnámha

Tá 206 de chnámha agat i do chorp, agus tá siad uilig difriúil. Tagann na cnámha seo uilig le chéile chun cnámharlach a dhéanamh. Tá cnámha crua agus righin agus, gan iad, ní bheifeá ábalta mórán a dhéanamh. Tá sé tábhachtach bianna áirithe a ithe le do chnámha a choinneáil folláin agus láidir; tá bianna déiríochta maith do na cnámha, cáis agus bainne agus rudaí mar sin.

Tá ainmneacha ar leith ag cnámha ar leith sa chorp, blaosc an chloiginn, mar shampla, a thugann cosaint don inchinn. Tugann na heasnacha cosaint don chroí, do na scamhóga agus don ae, no horgáin is tábhachtaí sa chorp (ach amháin don inchinn).

Tá na matáin greamaithe do na cnámha. Nuair a ba mhaith leat rith nó siúl nó do chloigeann a scríobadh, tarraingíonn na matáin ar na cnámha chun an chuid sin den chorp a bhogadh. Ní thig linn ár gcluasa a bhogadh as siocair nach bhfuil cnámha ar bith istigh iontu. Tá na 33 cnámh atá i do chnámh droma ar na cnámha is tábhachtaí sa chorp.

Tá na cnámha seo ceangailte le chéile le matáin chun feadán mór a dhéanamh ó do bhlaosc go dtí bun do dhroma. Cuidíonn na cnámha seo leat seasamh suas agus cuidíonn siad leat bogadh. Gan chnámha, bheadh do chorp cosúil le smugairle róin!



Ceisteanna

1. Cá mhéad cnámh atá i do chorp?
2. Cad é an t-ainm atá ar an chnámh a thugann cosaint don inchinn?
3. Cad é an t-ainm atá ar na cnámha a thugann cosaint don chroí, do na scamhóga agus don ae?
4. Cén sórt bia a bá chóir a ithe chun na cnámha a choinneáil folláin agus láidir?
5. Cá mhéad cnámh atá sa chnámh droma?
6. Cén dóigh a mbeadh do chorp, gan chnámharlach?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Thit mé de mo rothar ach níor bhris mé crámh ar bith.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.


Tugann an Blaosc cosaint don inchinn.

Obair Bhaile 10

An Chéad Charr

Sula raibh carranna ann, rinne daoine taistil i gcarráistí a tharraing capaill, nó rinne siad féin marcaíocht ar chapaill. Le déanaí, bhí daoine ábalta taistil a dhéanamh ar thraenacha, ach bí na traenacha sin teoranta chuig an iarnród.

Breis agus céad bliain ó shin, áfach, rinneadh an chéad charr. Níl a fhios cinnte cé a rinne an chéad charr ach, le tamall fada, bhí daoine ag iarraidh



meaisín a dhéanamh a bhogann gan chapaill á tharraingt. Rinneadh iarracht carranna a dhéanamh a bhí ábalta bogadh le gal, amhail traen, le leictreachas, amhail tram, nó le peitreal, cosúil le carranna an lae inniu.

Seans gurb é Karl Benz a rinne an chéad charr le hinneall peitiril sa bhliain 1885. Chuir an tUasal Benz inneall peitiril ar charráiste le trí roth. Chuaigh sé isteach ann agus d'éirigh leis an charr bogadh! Chuaigh sé ceithre uaire thart ar an mhonarcha s'aige. Ach bhí an 'carráiste gan chapall', mar a tugadh air ag an am, trom agus ciotach agus ní dheachaigh sé go gasta. Ach bhí iontas ar gach duine a chonaic é den chéad uair.

Bhí 'carráistí gan chapall' callánach agus deacair le tiomáint ag an tús. Chuir siad eagla ar dhaoine nár thuig cén dóigh ar oibriú siad. Rith cuid daoine ar shiúl, nó chuaigh siad i bhfolach, nuair a chonaic siad carr ag teacht!

Ceisteanna

1. Cad é mar a rinne daoine taistil sula raibh carranna ann?
2. Cá fhad ó shin, go garbh, a rinneadh an chéad charr?
3. Cá huair a rinne Karl Benz a chéad charr?
4. Cá mhéad roth a bhí ag an chéad charr a rinne Karl Benz?
5. Cá mhéad uair a chuaigh carr Karl Benz thart ar mhonarcha s'aige?
6. Cad é a shíl cuid mhór daoine nuair a chonaic siad carr den chéad uair?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Fuair mo dhaidí car nua.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

“rachaidh muid ann sa charr,” arsa mamaí.

Obair Bhaile 11

An Oíche

Nuair a bhíonn tú i do chodladh san oíche, bíonn a lán daoine ina suí. Bíonn fir an phoist ag sórtáil na litreacha. Bíonn na daoine atá ag obair i siopaí móra ag cur rudaí ar na seilfeanna. Ní bhíonn dochtúirí ná banaltraí ina gcodladh. Bíonn siad ag obair go fóill sna hospidéal, ag cuidiú leis na daoine atá tinn. Bíonn daoine ag obair go fóill i monarchana, ag déanamh carranna nó rudaí eile. Tríd an oíche, bíonn leoraithe, traenacha agus eitleáin ag tabhairt litreacha agus rudaí eile chuig áiteanna difriúla.

Bíonn neart ainmhithe múscaithe san oíche fosta. Déanann an t-ulchabhán codladh sa lá sa dóigh is go mbeidh sé lán múscaithe san oíche. Éistean sé amach do na hainmhithe beaga ag bogadh thart san oíche agus cuidíonn a shúile móra leis agus é ag seilg. Tagann ainmhithe eile amach san oíche, an madadh rua, an broc agus an ghráinneog mar shampla. Tagann ainmhithe áirithe amach san oíche mar bíonn sé níos sábháilte san oíche nó de bharr go mbíonn níos mó bia ann san oíche, feithidí don ghráinneog mar shampla.

Ach ní bhíonn an oíche ann gach áit ar an domhan ag an am céanna. Nuair atá an oíche ann anseo, bíonn an ghrian ag soilsiú ar an taobh eile den domhan agus bíonn an lá ann san Astráil agus sa tSín. Bíonn páistí ag dul ar scoil agus bíonn daoine ag dul chuig obair nuair a bhíonn tusa ag siúl suas staighre le dul a luí agus, nuair a éiríonn tú ar maidin, tá siadsan ag déanamh réidh le dul a chodladh!



Ceisteanna

1. Ainmnigh grúpa amháin daoine a bhíonn ag obair san oíche.
2. Ainmnigh rud amháin a dhéantar i monarcha.
3. Ainmnigh éan amháin a bhíonn múscaithe san oíche.
4. Ainmnigh ainmhí oíche amháin eile.
5. Ainmnigh tír amháin ar an taobh eile den domhan.
6. Cad é a itheann gráinneog?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Sílim go bhfaca mé madradh rua.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

“Tá sé in am duit dul a luí” arsa daidí.

Obair Bhaile 12


Fuaimeanna san Oíche

Tá sé go mall san oíche. Tá tú i do luí sa leaba agus tá tú ag iarraidh dul a chodladh. Go tobann, as ciúnas na hoíche, cluineann tú fuaim. CRÍÍÍÍÍC!

Tá an fhuaim ard agus tá do chroí i do bhéal le heagla. An púca atá ann? Bhuel, ní púca ar bith é ach troscán an tí ag bogadh leis féin!

Le linn an lae, déanann an teas ón ghrian gach rud sa teach te agus, nuair a éiríonn rudaí te, éiríonn siad níos mó fosta. Tá císte ina shampla maith de sin. San oíche, nuair a éiríonn rudaí fuar, éiríonn siad níos lú arís. Nuair a tharlaíonn sin, seans go mbogann cuid de thábla nó cathaoir agus sin an rud a dhéanann an fhuaim.

Déanann tithe agus troscán fuaimeanna sa lá fosta ach ní chluinimid iad uilig mar gheall ar na fuaimeanna uilig eile a bhíonn le cluinstitín sa lá, bíonn an teilifís nó an raidió ag dul, mar shampla. nó bíonn muid ag caint. Cluinimid na fuaimeanna, áfach, san oíche nuair atá gach rud i bhfad níos ciúine.



Ceisteanna

1. An gcluineann tusa fuaimeanna sa teach i lár na hoíche?
2. Cad é a tharlaíonn don troscán le linn an lae, nuair a bhíonn an ghrian amuigh?
3. Tabhair sampla eile ón sliocht de rud a éiríonn níos mó de bharr go bhfuil sé te.
4. Cad é a tharlaíonn do throscán an tí le linn na hoíche arís?
5. Cad chuige nach gcluineann tú fuaimeanna ón troscán sa lá?
6. Cén sórt fuaimeanna a chluineann tú sa teach le linn na lae?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Sílim go raibh taibhse sa teach aréir.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Cad é an fhuaim sin.


Obair Bhaile 13

Éisc

Is ainmhí le fuil fhuar é an t-iasc a chónaíonn in uisce. Tá na mílte cineálacha difriúla éisc ann, ón bhradán go dtí an siorc, agus itheann éisc dhifriúla rudaí difriúla. Itheann cuid mhaith éisc créatúr beag bídeach san fharraige darb ainm planctón, agus tá éisc ann a itheann cibé rud a thig leo a cheapadh: éisc eile, nó róna nó daoine go fiú.

Cosúil le daoine, tá ocsaigin de dhíth ar éisc le fanacht beo. Is gás é ocsaigin atá ar fáil in aer agus in uisce. Análaíonn daoine ocsaigin ón aer leis na scamhóga, tríd an srón nó an béal. Úsáideann éisc na gáilligh, áfach, chun ocsaigin a fháil ón uisce. Ar dtús, osclaíonn an t-iasc a bhéal le ligean don uisce dul isteach. Nuair a dhruideann sé a bhéal, brúitear an t-uisce tríd na gáilligh. Glacann an fhuil atá sna gáilligh an ocsaigin ón uisce.

Iompraíonn an fhuil an ocsaigin chuig gach cuid eile den corp. Téann an t-uisce nach bhfuil de dhíth ar an iasc amach tríd na hoscaití sna gáilligh arís.



Ceisteanna

1. An bhfuil fuil fhuar nó fuil the ah éisc?
2. Cad é an rud é planctón?
3. Cad é an rud é ocsaigin?
4. Cad é a úsáideann daoine chun ocsaigin a ghlacadh ón aer?
5. Cad é a úsáideann éisc chun ocsaigin a ghlacadh ón uisce?
6. Cad é a tharlaíonn don uisce nach bhfuil de dhíth ar an iasc?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Siorc! Siorc! Tá siorc san isce.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Ná bí ag snámh san fharraige má tá siorc ann

Obair Bhaile 14


An Tréidlia

Nuair atá tinneas fiacaile ar an bhéar nó nuair a bhriseann an moncaí a lámh, is é an tréidlia an duine a thugann aire dóibh. Tugann an tréidlia aire d'ainmhithe sa dóigh chéanna is a thugann dochtúirí aire do dhaoine.

Bíonn an tréidlia sa zú iontach gnóthach. Bíonn thart fá 3000 mamach, éan agus reptíl i zú de ghnáth agus caithfidh an tréidlia aire a thabhairt do gach ceann acu.

Fiú amháin muna bhfuil an t-ainmhí tinn, caithfidh an tréidlia scrúdú a chur ar na hainmhithe le cinntiú go bhfuil siad i gceart. Faigheann sé amach airde agus meáchan na n-ainmhithe agus déanann sé cinnte go bhfuil siad ag ithe na rudaí cearta.

Tugann an tréidlia cógas do na hainmhithe atá tinn agus in amanna caithfidh siad ainmhí a chur faoi scian agus obráid a dhéanamh orthu. Thig leis sin a bheith ciotach ach i dtús báire caithfidh siad an t-ainmhí a chur ina chodladh sula mbeidh sé ábalta dul cóngarach go leor chucu.



Ceisteanna

1. Cé a thugann aire do dhaoine atá tinn?
2. Cé a thugann aire d'ainmhithe atá tinn?
3. Cá mhéad ainmhí a bhíonn i zú, de ghnáth?
4. Cad é a thugann an tréidlia do na hainmhithe atá tinn?
5. Cad é a dhéanann an tréidlia ar na hainmhithe atá iontach tinn?
6. Cad é a dhéanann an tréidlia leis na hainmhithe nach bhfuil tinn?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Rinne an tréidlia obráid ar an eiliphint a bhí tinn.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Cé atá ag dul a chur scrúdú ar an leon

Obair Bhaile 15


Beacha

Feiceann tú cuid mhór beach sa samhradh, ag eitilt ó bhláth go bláth, ag bailiú neachtair chun mil a dhéanamh ar ais sa choirceog, an áit a ndéanann siad cónaí.

Fanann na beacha sa choirceog sa gheimhreadh. Roimhe sin, san fhómhar, bailíonn na beacha guma greamaitheach ó chrainn. Cuireann siad an guma seo ar na poill agus na scoilteanna atá ar an choirceog. Déanann sin te agus slán sábháilte an choirceog agus, nuair a thagann an geimhreadh, fanann siad istigh inti.

Nuair a éiríonn sé iontach fuar, bailíonn siad le chéile go dlúth agus buaileann siad na heiteoga chun iad féin a choinneáil te. Itheann siad an mhil atá i dtaisce acu sna cuasnóga ó bhí an samhradh ann. Coinníonn sin beo iad go dtí go dtagann an aimsir dheas.

San earrach, tosaíonn an bhanríon ag breith uibheacha arís. Roimh i bhfad, beidh an choirceog lán de bheacha óga, iad uilig réidh chun neachtar a bhailiú.



Ceisteanna

1. Cad é a bhíonn beacha a dhéanamh go minic sa samhradh?
2. Cá háit á ndéanann beacha cónaí?
3. Cad é a dhéanann na beacha san fhómhar leis an choirceog a dhéanamh réidh don gheimhreadh?
4. Cén dóigh a gcoinníonn na beacha iad féin te nuair a bhíonn sé iontach fuar?
5. Cad é a itheann beacha sa gheimhreadh?
6. Cá huair a thosaíonn an bhanríon ag breith uibheacha?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Bailíonn beecha neachtar ó bhláthanna sa samhradh.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Beireann an bhanríon cuid mhór Uibheacha san earrach.

Obair Bhaile 16

An Cangarú

I bhfad, i bhfad ar shiúl, ar an taobh eile den domhan, atá tír darb ainm an Astráil. Is mór-roinn agus tír ollmhór í an Astráil. Oileán atá ann fosta agus tá a lán ainmhithe aisteacha agus iontacha ina gcónaí ann. Ní fheictear cuid de na hainmhithe seo ach san Astráil.

Cónaíonn cangarúna san Astráil. Tá cosa láidre fúthu agus tá siad ábalta léim níos faide ná ainmhí ar bith eile. Cuidíonn an ruball fada leo agus iad ag léim. Thig le cangarú léim a fhad $7\frac{1}{2}$ méadar in aon léim amháin!

Iompraíonn cangarúna a mbabaithe i bpóca speisialta atá acu sa bholg, darb ainm púitse. Tá cuid mhór cineálacha difriúla cangarúna ann. Tá cangarúna ann a dhéanann cónaí i gcrainn agus tá cuid eile ann atá measartha beag, tugtar mion-changarúna orthu. Tá cuid eile ann a bhfuil fad 30 cm orthu, tugtar cangarúna francacha ar na cinn sin.



Ceisteanna

1. Cá bhfuil cangarúna ina gcónaí?
2. Cén dóigh a bhfuil an cangarú cosúil le coinín?
3. Cá háit a gcoinníonn cangarúna a mbabaithe?
4. Cad é an fad den changarú francach?
5. Cad é an fad atá ábalta cangarú léim?
6. Cén dóigh a gcuidíonn an ruball leis an changarú?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Chonaic mé cangaroo sa zú.


8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Déanann cangarúna cónaí san astráil.

Obair Bhaile 17

An t-Ainmhí is Gasta


Is é an t-ainmhí is gasta ar an talamh ná an síota. Tá sé ábalta rith chomh gasta le 112 km san uair. Ritheann an fia thart ar 80 km san uair agus ritheann an duine is gasta ar an domhan thart fá 35 km san uair.



Tá an colgán ar an ainmhí is gasta san fharraige. Tá sé ábalta snámh chomh gasta le 109 km san uair. Snámhann sé níos gasta ná fomhuireán ar bith.

Is í an tsnáthaid mhór an mionbheithíoch is gasta ar an domhan, eitlíonn sí ar luas 56 km san uair.

Ach is iad na créatúir is gasta ar an domhan ná dhá éan: an gabhlán gaoithe agus an seabhac seilge. Tá na héin seo ábalta eitilt níos gasta ná 160 km san uair. Dearann eolaithe eitleáin a bhfuil an cruth céanna orthu leis na héin seo sa dóigh is go rachaidh siad go gasta. Nuair a thumann an seabhac seilge i dtreo an talaimh, coinníonn sé a eití taobh lena chorp. Is mar sin atá sé ábalta eitilt ar luas atá chomh gasta le 320 km san uair.



Ceisteanna

1. Cad é an t-ainmhí is gasta ar an talamh?
2. Cad é an t-iasc is gasta san fharraige?
3. Cad é an mionbheithíoch is gasta ar an domhan?
4. Cad iad na héin is gasta?
5. Cad é an luas is gasta den seabhac seilge?
6. Cad é an fad is gasta a ritheann duine?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Thig liom rí go gasta.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.


Is iad na hainmhithe is gasta ná an síota, an colgán an gabhlán gaoithe agus an seabhac seilge.

Obair Bhaile 18

Bricíní

Tá gráinníní beaga datha i gcrailleann gach duine. Tugtar meilín ar an dath sin. Bíonn an dath ar do chraiceann ag brath ar an méid meilín atá ann. Tá craiceann dorcha ag na daoine sin a bhfuil a lán meilín acu sa chraiceann agus tá craiceann geal ag daoine nach bhfuil ach cuid bheag meilín acu.

I ndaoine áirithe, tá an mheilín seo bailithe le chéile i spotaí. Tugtar bricíní ar na spotaí sin. Bíonn bricíní ag cuid daoine nuair a thagann siad ar an saol. Faigheann cuid daoine eile iad nuair a théann siad amach faoin ghrian. Amharc go cúramach ar do chraiceann. An bhfuil tusa bricíneach?



Ceisteanna

1. Cad é an t-ainm atá ar an rud atá ag gach duine sa chraiceann a thugann dath dóibh?
2. Cén sórt craicinn atá ag daoine le cuid mhór meilín?
3. Cén sórt craicinn atá ag daoine le cuid bheag meilín?
4. Cad é a thugtar ar spotaí meilín sa chraiceann?
5. Cén dóigh a dtig leat bricíní a fháil?
6. An bhfuil do chraiceann bricíneach?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Tá cuid mhor bricíní agam ar mo lámha.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Níl bricíní ar bith agam ar maghaidh.

Obair Bhaile 19

An Leon Tinn

D'éirigh an leon tinn maidin amháin. Bhí sé chomh lag sin nach dtiocfadh leis dul amach ar lorg bia. Bhí sé ina luí ina phluais, agus é ag caoineadh agus ag gearán. Bhí éan beag ag eitilt thart agus chuala sé é. D'inis sé an scéal do na hainmhithe eile.

Bhí brón ar na hainmhithe eile nuair a chuala siad an scéal faoin leon. Tháinig siad ina gceann agus ina gceann ar cuairt chuige. Ach, chomh luath is a chuaigh gach ainmhí acu isteach sa phluais, mharaigh an leon é agus d'ith sé é.

Sa deireadh tháinig an madadh rua go doras na pluaise.

'Bhuel a rí, cad é mar atá tú?' arsa an madadh rua. 'Tá siúl agam go bhfuil tú níos fearr.'

'Tá biseach beag orm,' arsa an leon. 'Ach, cad chuige nach bhfuil tú ag teacht isteach?'

'Á, níor mhaith liom dul níos faide,' arsa an madadh rua, 'mar feicim rud nach maith liom.'


'Cad é a fheiceann tú?' arsa an leon.

'Feicim a lán lorg coise ag dul isteach sa phluais,' arsa an madadh rua.

'Tháinig cuid mhór ainmhithe ar cuairt chugam,' arsa an leon, 'agus, ar ndóigh, tá lorg a gcos ar an talamh.'

'Ach feicim gur isteach sa phluais atá siad uilig ag dul,' arsa an madadh rua, 'ach ní fheicim ceann ar bith ag teacht amach as.'

Agus leis sin, thiontaigh an madadh rua thart agus rith sé leis.



Ceisteanna

1. Cad é a bhí cearr leis an leon?
2. Cé a d'inis do na hainmhithe eile faoin leon?
3. Cad é a tharla do na hainmhithe a chuaigh ar cuairt chuig an leon?
4. Cad é a bhí an leon ag dul a dhéanamh leis an madadh rua?
5. Cad é mar a bhí a fhios ag an mhadadh rua go raibh an leon ag ithe na n-ainmhithe?
6. Ar ith an leon an madadh rua?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Bhí an leon chomh lag sin nach dtiocfadh leis bogú ón phluais.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Déirigh leon tinn lá amháin.

Obair Bhaile 20

Milliún

Is míle míle é aon mhilliún. Tá sé deacair smaoineamh ar cé chomh mór atá milliún. Dá ndéanfá iarracht cuntas suas go dtí milliún, agus dá ndéarfá uimhir amháin gach soicind, ghlacfadh sé $1\frac{1}{2}$ lá cuntas suas go dtí milliún. Ach ní bheifeá ábalta stopadh den chuntas do bhia, do shúgradh nó fiú amháin don chodladh.

Cuir i gcás go raibh £1,000,000 agat (nach mbeadh spórt agat leis sin), dá gcaithfeá punt amháin gach bomaite, fiú amháin san oíche, ghlacfadh sé dhá bhliain ort an t-airgead uilig a chaitheamh! Is uimhir ollmhór í aon mhilliún! Cad é a dhéanfá le £1,000,000?



1,000,000

Ceisteanna

1. Scríobh síos milliún i bhfigiúir.
2. Cá mhéad náid atá i milliún?
3. Cá mhéad míle atá i milliún?
4. Cá fhad a ghlacfadh sé cuntas suas go dtí milliún gan stopadh?
5. Cá fhad a ghlacfadh sé £1,000,000 a chaitheamh dá gcaithfeá £1 gach bomaite?
6. Ainmnigh rud amháin a cheannófa le £1,000,000?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Cad é a dhéanfá le milliún punt?

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Bhain mé milliún punt

Obair Bhaile 21

An Leon agus an Luchóg

Lá amháin bhí leon ina chodladh faoi chrann nuair a rith luchóg bheag taobh lena lapa. Thóg an leon a lapa agus rug sé greim ar ruball na luchóige.

‘Ná maraigh mé, le do thoil,’ arsa an luchóg.

Bhí trua ag an leon don luchóg agus lig sé saor í.

‘Ó, go raibh míle maith agat, a rí,’ arsa an luchóg go humhal, ‘tabharfaidh mé cuidiú duit lá éigin.’

‘Há, há, há,’ a gháir an leon. ‘Luchóg bheag bhídeach ag cuidiú le Rí na Foraoise. Ní dóigh liom é.’


Cúpla lá ina dhiaidh sin, shiúil an leon isteach i ngaiste agus bhí sé gafa faoi líon. Rinne sé iarracht é féin a shaoradh ach ní thioctadh leis. Lig sé búir i ndiaidh búire amach as agus chuala gach ainmhí san fhoraois é.

Go tobann, chuala an leon gíog bheag. D’amharc sé anuas agus chonaic sé an luchóg bheag. D’ith sí na téada agus, roimh i bhfad, bhí an leon saor.

‘Go raibh míle maith agat,’ arsa an leon.

‘Níl a bhuíochas ort,’ arsa na luchóg. ‘Shábháil tú féin mo bheo agus rinne mé amhlaidh duit.’

Ba mhór na cairde iad an luchóg agus an leon as sin amach.



Ceisteanna

1. Cad é a bhí an leon a dhéanamh faoin chrann?
2. Cad chuige ar lig an leon an luchóg saor?
3. Cad é a rinne an leon nuair a dúirt an luchóg go gcuideodh sí leis?
4. Cén dóigh a riabh an leon gafa?
5. Cad é a rinne an leon nuair a bhí sé sa ghaiste?
6. Cad é mar a chuidigh an luchóg leis?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

“Is mise Rith na Foraoise,” arsa an leon.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

“Ná maraigh mé, arsa an luchóg.

Obair Bhaile 22

An Geimhreadh

Tiocfaidh an geimhreadh
Is séidfídh an ghaoth.
Lúbfaidh sí na géaga
Ach ní leagfaidh sí mé.

Feicfidh mé an tintreach
Is cuirfidh sí orm scéin,
Cloisfidh mé an toirneach
Is ní chodlóidh mé néal.

Titfidh an bháisteach
Anuas go trom;
Beidh an fharraige dainséarach.
Do bhád is do long.

Nuair a thitfidh an sneachta
Is nuair a thiocfaidh an sioc;
Beidh mé fuar préachta
Ach éireoidh mé go moch.

D'imigh an geimhreadh
Dhúisigh an ghráinneog
Ghiorraigh an oíche
Is tá mé arís óg.



Ceisteanna

1. Cad é an séasúr atá ann sa dán seo?
2. Cé acu an rud a fheiceann tú, toirneach nó tintreach?
3. Cad é a bheidh dainséarach nuair a bhíonn an bháisteach ag titim?
4. Cad é atá i gcontúirt san fharraige?
5. Cad é a dhéanfaidh an file nuair a thitfidh an sneachta?
6. Ainmnigh ainmhí amháin atá luaite sa dán.
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Tá an sneachta ag titim agus tá mé sioctha fuair.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Chuala mé an toirneach agus chonaic mé an tintreach


Obair Bhaile 23

Nathracha ag Fás

De réir mar a fhásann do chosa, éiríonn do bhróga róbheag duit. Nuair a tharlaíonn sin, baineann tú díot na bróga beaga agus faigheann tú bróga atá níos mó.

Tarlaíonn an rud céanna do nathracha, ní le bróga ach leis an chraiceann s'acu. De réir mar a fhásann an nathair, éiríonn an craiceann ró-bheag agus ró-theann. Mar sin de, cailleann sí an sean-chraiceann agus fásann sí craiceann úr. Tarlaíonn seo thart fá 3 nó 4 uaire achan bhliain. Cailleann nathracha óga an craiceann s'acu níos minice mar go bhfásann siad níos gasta ná sean-nathracha.

Dá mba mhaith leat nathair a fheiceáil, gabh chuig an zú. Is féidir nathracha nimhe a fheiceáil sa zú agus beidh tú slán sábháilte mar coinnítear iad i gcásanna gloine. Seans go bhfeicfidh tú ceann ag cailleadh a craicinn.



Ceisteanna

1. Cad é a dhéanann tú nuair a éiríonn do bhróga róbheag duit?
2. An gcaitheann nathrach bróga?
3. Cad é a dhéanann an nathair nuair atá an craiceann s'aici róbheag di?
4. Cá mhéad uair sa bhliain a chaitheann nathair a craiceann?
5. Cá háit ar féidir nathair a fheiceáil?
6. Cén sórt cás a gcoinnítear nathracha iontu sa zú?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Chonaic mé mathair nimhe sa zú.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Chaill an Nathair a chraiceann mar bí sé róbheag di.

Obair Bhaile 24


Stríocaí agus Duaithníocht

Tá stríoca geala ar thíogair agus ar shéabraí agus tá sé iontach furasta iad a fheiceáil sa zú. Ach sa dufair, nó ar an talamh féaraigh, tá sé iontach deacair iad a fheiceáil, mar gheall ar na stríoca seo.

Cuidíonn na stríoca dubha agus bána atá ar an séabra leis dul i bhfolach ó shealgairí agus ó chreachóirí. Amharcann na stríoca mar scáil san fhéar ard, áit a mbíonn na séabraí ina gcónaí.

Cuidíonn na stríoca atá ar thíogair leis dul i bhfolach fosta. Tá sé iontach deacair tíogar a fheiceáil sa dufair agus cuidíonn sin leis agus é ag seilg, ag iarraidh bia a cheapadh.

Tugtar duaithníocht air nuair a úsáideann ainmhí an craiceann s'aige le dul i bhfolach.



Ceisteanna

1. An bhfuil sé deacair tíogair agus séabraí a fheiceáil sa zú?
2. An bhfuil sé deacair tíogair a fheiceáil sa dufair?
3. Cén dóigh a gcuidíonn na stríoca dubha agus bána leis an séabra?
4. Cén dóigh a gcuidíonn na stríoca ar thíogar agus é sa dufair?
5. Cad chuige a mbíonn tíogar ag seilg?
6. Cad é a thugtar air nuair a úsáideann ainmhí an craiceann s'aige le dul i bhfolach?
7. Tá meancóg litrithe amháin san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le líne faoin fhocal nach raibh litrithe mar is ceart.

Tá dath oráiste agus dom ar an tíogar.

8. Tá meancóg phoncaíochta san abairt seo thíos. Scríobh an abairt mar is ceart le ciorcal thart ar an áit a raibh an mheancóg phoncaíochta.

Tá an séabra an capall agus an t-asal iontach cosúil lena chéile.



Léitheoireacht / Reading

Lá / Dáta Day / Date	Leabhar Book	Leathanaigh Pages	Inisileacha Initials
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			
An Luan			
An Mháirt			
An Chéadaoin			
An Déardaoin			

An Luan/Monday
An Chéadaoin/Wednesday

An Mháirt/Tuesday
An Déardaoin / Thursday